

Gradaim an Acadaimh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na gradaim Oscar. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

An bhfaca tú na gradaim Oscar arú aréir?

Ar chuala tú aon chaint fúthu ó shin?

Cad é an scannán is fearr a chonaic tú riamh?

Dá mbeifeá in ann freastal ar na gradaim Oscar in Hollywood, cén duine cáiliúil a roghnófa le suí in aice leat agus cén fáth?

Ceist 2 Anois gan féachaint go fóill déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla thíos. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

film	_____	Tuaisceart Éireann
actor	_____	scannán
award/Oscar	_____	catagóir
short film	_____	pobal
community	_____	aisteoir
entertainment	_____	tacaíocht
demand	_____	déantóir scannáin
director	_____	siamsaíocht
category	_____	éileamh
technical	_____	stiúrthóir
role	_____	gearrscannán
support	_____	teicniúil
film-maker	_____	banaisteoir
Northern Ireland	_____	ról
female actor	_____	gradam

Ceist 3

Féach ar an sliocht thíos ón mír agus déan iarracht na bearnaí a líonadh leis an bhfocal ceart.

D'éirigh le stiúrthóir an _____ 'The Artist' Martin Scorsese cúig cinn de ghradaim a bhaint amach dá _____ teicniúil. Ba é _____ Christopher Plummer a bhain amach an gradam don aisteoir is fearr i ról tacaíochta. Bhí daoine nua leis i measc na _____ aréir, bhí Octavia Spenser a fuair an gradam don bhanaisteoir is fearr i ról _____ sa scannán *The Help*. Ba í an t-aisteoir Meryl Streep a d'ardaigh léi an gradam don bhanaisteoir _____ dá ról in *The Iron Lady*.

chatagóir - is fearr - tacaíochta - mbuaiteoirí -
an t-aisteoir - scannáin

Ceist 4

'fé mar a bhíothas ag súil leis'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal sa chló iodálach thuas?

Anois, déan iarracht an forainm réamhfhoclach ceart a roghnú do na habairtí thíos.

1. Tá brón (é) _____ nach raibh sé ann.
2. Is fuath (muid/sinn) _____ an ceol sin.
3. Tá pluid ag teastáil (é) _____.
4. Bhí codladh ag teastáil (mé) _____.
5. Tá glór deas (sí) _____.
6. Theip (muid) _____ sa scrúdú .
7. Is (le + mise) _____ an carr sin.
8. Tabhair (do + muid) _____ an t-airgead.
9. Tá (ar + mé) _____ m'obair bhaile a dhéanamh.
10. Bhain sé go leor (as + mé) _____.

Ceist 5

'an-oíche'

Cad is brí leis an 'an-' thuas?

Cad is brí le 'ró'?

An bhfuil aon rialacha ar eolas agat maidir le 'an-', agus 'ró'?

Go minic measctar 'an-' agus 'ró'. Déan iarracht na habairtí thíos a aistriú go Gaeilge.

- i. He is too big
- ii. It is very important
- iii. I am too tall
- iv. Great goal
- v. Peadar is very small
- vi. Máire is too small
- vii. It was very low and too easy

Ceist 6 Pléigh an ráiteas seo sa rang nó mar rún díospóireachta:

Ní saol an mhada bháin é saol an aisteora.

Treoracha

Ceist 1 Is féidir na ceistanna seo a phlé sa rang nó leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Film _____	scannán
Actor _____	aisteoir
Award/oscar _____	Gradam
Shortfilm _____	gearrscannán
Community _____	pobal
Entertainment _____	Siamsaíocht
Demand _____	éileamh
Director _____	stiúrthóir
Category _____	Catagóir
Technical _____	teicniúil
Role _____	ról
Support _____	Tacaíocht
Film maker _____	Déantóir scannáin
Northern Ireland _____	Tuaisceart Éireann
Female actor _____	Banaisteoir

Ceist 3 D'éirigh le stiúrthóir an **scannáin** 'The Artist' Martin Scorsese cúig cinn de ghradaim a bhaint amach dá **chatagóir** teicniúil. Ba é **an t-aisteoir** Christopher Plummer a bhain amach an gradam don aisteoir is fearr i ról tacaíochta. Bhí daoine nua leis i measc na **mbuaiteoirí** aréir, bhí Octavia Spenser a fuair an gradam don bhanaisteoir is fearr i ról **tacaíochta** sa scannán The Help. Ba í an t-aisteoir Meryl Streep a d'ardaigh léi an gradam don bhanaisteoir **is fearr** dá ról in *The Iron Lady*.

Ceist 4 Forainm réamhfhoclach atá i gceist.

1. Tá brón **air** nach raibh sé ann.
2. Is fuath **linn** an ceol sin.
3. Tá pluid ag teastáil **uidh**.
4. Bhí codladh ag teastáil **uaim**.
5. Tá glór deas **aici**.
6. Theip **orainn** sa scrúdú .
7. Is **liomsa** an carr sin.
8. Tabhair **dúinn** an t-airgead.
9. Tá **orm** m'obair bhaile a dhéanamh.
10. Bhain sé go leor **asam**.

Ceist 5 *'an-oíche'*

Ciallaíonn an 'an-' iontach. 'Oíche iontach' atá i gceist mar sin.

Ciallaíonn 'ró' go bhfuil sé iomarcach.

- i. Tá sé rómhór
- ii. Tá sé an-tábhachtach
- iii. Tá mé ró-ard
- iv. An-chúl
- v. Tá Peadar an-bheag
- vi. Tá Máire ró-bheag
- vii. Bhí sé an-íseal agus ró-éasca

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Tá gaisce mór déanta ag an scannán as an bhFrainc, *The Artist* a bhuaigh cúig cinn de ghradaim Oscars aréir, ina measc an stiúrthóir is fearr, an scannán is fearr agus an t-aisteoir is fearr. Bhí dea-scéala freisin ann do Thuaisceart Éireann mar gur bhuaigh an scannán *The Shore* an gradam don ghearrscannán is fearr.

Bhailigh an pobal scannánaíochta i Los Angeles aréir do Oscars na bliana seo agus Billy Crystal ag cuir siamsaíochta ar fáil don oíche is mó éileamh i Hollywood le chéile. D'éirigh le stiúrthóir an scannáin *The Artist* Martin Scorsese cúig cinn de ghradaim a bhaint amach dá chatagóir teicniúil. Ba é an t-aisteoir Christopher Plummer a bhain amach an gradam don aisteoir is fearr i ról tacaíochta. Bhí daoine nua leis i measc na mbuaiteoirí aréir, bhí Octavia Spenser a fuair an gradam don bhanaisteoir¹ is fearr i ról tacaíochta sa scannán *The Help*. Ba í an t-aisteoir Meryl Streep a d'ardaigh léi an gradam don bhanaisteoir² is fearr dá³ ról in *The Iron Lady*.

Ach fé mar a bhíothas ag súil leis d'ardaigh an scannán *The Artist* go leor gradam leis aréir, cúig cinn ar fad ina measc, gradam don scannán is fearr, an stiúrthóir is fearr, agus don aisteoir is fearr.

Agus an-oíche a bhí ann leis don déantóir⁴ scannán Terry George as Tuaisceart Éireann; fuair a scannán *The Shore* an gradam don scannán gearr is fearr.

¹ Don mbanaisteoir i gcanúint an tuairisceora

² don mbanaisteoir arís

³ dona a deirtear

⁴ ndéantóir a deirtear